



Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

Maidir le: (COVID-19): Socruithe le haghaidh fostaithe áirithe (.i. Rúnaithe Scoile, Feighlithe, Glantóirí, Coimhdire Bus) i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna aitheanta sa Scéim Saoroideachais agus BOO

Dáta: 21 Iúil 2021

Socruithe Oibre do bhaill foirne (seachas Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta) atá i gcatagóir mar Riosca An-Ard (RAA) agus do bhaill foirne atá Torrach (seachas Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta) atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna aitheanta – Scoilbhliain 2021/22

Is í an chomhairle is déanaí ná, ós rud é go bhfuil méadú tagtha ar an eolas atá againn maidir le COVID-19, go gcuireann cúinsí áirithe lena cuireadh fostaithe sa chatagóir RAA roimhe seo, sa chatagóir ardriosca iad nó i roinnt cásanna sa chatagóir ghnáthriosca. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh rangú foist a bheith athraithe mar gheall ar vacsaíniú agus / nó stair d'ionfhabhtú COVID a deimhníodh le déanaí.

Tá an litir seo le léamh in éineacht leis na socruithe speisialta a leagadh amach i gCiorclán 54/2020 a bhaineann le fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna aitheanta sa Scéim Saoroideachais agus i Scoileanna Pobail Náisiúnta faoi phátrúnacht na mBOOanna, atá fostaithe ag baint úsáid as maoiniú a chuireann an Roinn seo ar fáil, atá a bhfuil riosca an-ard orthu maidir le tinneas tromchúiseach, ó COVID-19 a fháil, agus atá fostaithe sna poist seo a leanas:

- Rúnaí Scoile
- Feighlí
- Glantóir
- Coimhdire Bus

San áireamh sna bunphrionsabail a bhainfidh le bainistíocht a dhéanamh ar COVID-19 tá sábháilteacht agus leas na bhfostaithe agus éifeacht an teagaisc agus na foghlama a laghdú. Beidh ar fhostaithe breathnú ar an mbealach is fearr le fostaithe a imlonnú le seachadadh na seirbhísí oideachais a éascú.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbaineann téarmaí *Chiorclán 0021/2021* le hOifigigh Chléireachais agus Feighlithe atá fostaithe i mbunscoileanna faoi Scéim 1978/79, le hOifigigh Chléireachais atá fostaithe in Iar-bhunscoileanna faoi Scéim 1978 agus Rúnaithe agus Feighlithe i bpoist atá faofa ag an Roinn i scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha. Mar sin féin, b'fhéidir go mbeidh difríocht sa mhodh le saoire nó obair ó chian a thairfeadh agus ba chóir na gnáthnósanna imeachta a leanúint.



Tá Rúnaithe, Feighlithe agus Glantóirí atá fostaithe in Iar-bhunscoileanna BOO clúdaithe ag téarmaí *Chiorclán 0050/2020- Socruithe do bhaill foirne seachas Múinteoirí agus CRSanna atá fostaithe ag BOOanna.*

Réamhrá

I scoilbhliain 2020/21, rinne an fostóir é a éascú d'fhostaí ar chuir an SSC (Seirbhís Sláinte Ceirde) sa chatagóir go raibh 'riosca an-ard' air/uirthi maidir le tinneas tromchúiseach, ó COVID-19 a fháil, le hobair ó chian a dhéanamh .i. obair ón mbaile. De réir mar atá an clár vacsaínithe COVID-19 á chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach agus de réir mar a thagann tuilleadh fianaise chun cinn maidir le héifeacht na vacsaínithe, tá sé indéanta anois breathnú ar bheith i láthair san ionad oibre do na fostaithe seo.

Le déanaí, d'fhoilsigh FSS '*Treoir don Earnáil Oideachais maidir le Fostaithe sna Catagóirí Ard-Riosca COVID-19, lena n-áirítear Fostaithe Torracha*'. Bunaithe ar an Treoir ón FSS, cuirfidh an SSC san áireamh an bhfuil 'cosaint shuntasach vacsaínithe' ag an bhfostaí nuair a dhéantar measúnú an OHS. Mar chuid den mheasúnú seo, áit a bhfuil measúnú déanta ar an bhfostaí mar 'Riosca An-Ard':

- (a) Mura bhfuil 'cosaint shuntasach vacsaínithe' aige/aici, beidh sé/sí sa chatagóir mar 'Riosca An-Ard' agus ní mór don fostóir socruithe oibre eile a éascú .i. ag obair ón mbaile.
- (b) Má bhíonn 'cosaint shuntasach vacsaínithe' aige/aici, beidh sé sí curtha sa chatagóir 'Ardriosca' ag an OHS agus caithfidh sé/sí bheith i láthair san ionad oibre, má tá sé/sí ábalta don obair ó thaobh na sláinte de.

Sa Nóta Eolais TC 25/2021, leagtar amach conas a thabharfaidh an OHS faoi na baill foirne a chur i gcatagóirí agus ba chóir é a léamh in éineacht leis an litir seo. Tá an suíomh suas chun dáta maidir le baill foirne (seachas múinteoirí agus CRSanna) atá sna catagóirí ar nós baill foirne Riosca An-Ard (RAA), fostaithe os cionn 70 bliain d'aois nó fostaithe torracha leagtha amach thíos.

Catagóir Riosca An-Ard

Má bhí ball foirne sa chatagóir ag an tSeirbhís Sláinte Ceirde (SSC) mar RAA ag aon am roimh nó le linn scoilbhliain 2020/21 faoin bpróiseas a leagadh amach i gCiorcláin 54/2020 nó 21/2021, de mar is cuí, ní bheidh an Tuarascáil Rangaithe Riosca Sláinte COVID-19 bailí le haghaidh scoilbhliain 2021/2022. Rachaidh Tuarascálacha Rangaithe Riosca Sláinte COVID-19 reatha **in éag ar an 31 Lúnasa 2021** agus is ceart d'fhostóirí a thaifeadh amhlaidh ar an mbealach cuí, ach amháin má chuireann an fostaí Tuarascáil Rangaithe Riosca Sláinte nua COVID-19 ar fáil.

I dtaca leis sin, beidh ar aon fhostaí atá den tuairim go bhfuil sé/sí in ardriosca tinneas tromchúiseach ó COVID-19 a fháil (cé acu an raibh siad rangaithe roimhe seo nó nach raibh) iarratas nua a dhéanamh le haghaidh scoilbhliain 2021/2022, de réir an phróisis atá leagtha amach i gCiorcláin 54/2020 nó 21/2021, de mar is cuí. **Is ceart an t-iarratas a chur faoi bhráid an SSC faoin 30 Iúil 2021.**



Fostaithe os cionn 70 bliain d'aois

Ní mór d'fhostaí atá os cionn 70 bliain d'aois Ceistneoir Measúaithe Riosca COVID-19 a chur faoi bhráid an SSC freisin, sular féidir leis/léi bheith i láthair san ionad oibre faoin bpróiseas atá leagtha amach i gCiorcláin 54/2020 nó 21/2021, de réir mar is cuí, roimh thús scoilbhliain 2021/22. **Is ceart an t-iaratas a chur faoi bhráid an SSC faoin 30 Iúil 2021.**

Fostaithe Torracha

Ba chóir d'fhostaí torrach a bhfuil aon cheann de na fadhbanna sláinte aici mar atá liostaithe ar shuíomh gréasáin an FSS faoi 'Grúpaí riosca an-ard (an-leochaileach)' an próiseas a leanúint mar atá sonraithe in alt 4.1 de Chiorclán 0021/2021, maidir le measúnú Rangaithe Riosca Sláinte COVID-19.

Bunaithe ar an Treoir ón FSS don earnáil oideachais, is féidir le fostaí torrach suas go dtí 14 seachtaine tréimhse iompair, atá ábalta don obair ó thaobh na sláinte de, a bheith i láthair san ionad oibre, ach amháin má tá sí curtha i gcatagóir ag an SSC mar 'Riosca An-Ard' mar gheall ar bhunfhadhb sláinte nach mbaireann le bheith torrach.

Sa Treoir is déanaí ón FSS don earnáil oideachais, cuirtear in iúl gur chóir do gach fostaí torrach Ceistneoir Measúnaithe Riosca COVID-19 a chur faoi bhráid an SSC **roimh dheireadh a céad ráithe.**

Athruithe Féideartha ar an gComhairle Sláinte Amach Anseo

Is féidir athbhreithniú a dhéanamh ar Thuarascáil Rangaithe Riosca Sláinte COVID-19 atá ag fostaí cheana féin am ar bith le linn scoilbhliain 2021/22 mar gheall ar athrú:-

(a) I gcomhairle an FSS

Má dhéantar comhairle an FSS a uasdátú don ghrúpa ardriosca, d'fhéadfadh sé seo catagóir riosca sláinte COVID-19 a athrú. Déanfaidh an SSC teagmháil leis an bhfostaí a chuir Ceistneoir Rangaithe Riosca COVID-19 faoi bhráid maidir leis an scoilbhliain 2021/22, le cuireadh a thabhairt dóibh Ceistneoir nua a chur faoina bráid. Má chuireann an SSC an fostaí i gcatagóir nua, beidh air/uirthi filleadh ar an ionad oibre, ach amháin má bhíonn sé/sí sa chatagóir 'Riosca An-Ard'.

(b) Diagnóis Dochtúra

Má athraíonn diagnóis dochtúra nó cóireáil leighis, ní mór don fhostaí 'Ardriosca' nó 'Riosca An-Ard' Ceistneoir Measúnaithe Riosca COVID-19 nua a chur isteach chuig an SSC. Má chuireann an SSC fostaí a bhfuil 'Riosca An-Ard' air/uirthi i gcatagóir nua, beidh air/uirthi filleadh ar an ionad oibre.

(c) Stádas Vacsaínithe

Má fuair an fostaí a raibh 'Riosca An-Ard' air/uirthi 'cosaint shuntasach vacsaínithe' ó rinneadh measúnú an SSC, d'fhéadfadh sé seo an chatagóir riosca sláinte COVID-19 a athrú. Ní mór don fhostaí Ceistneoir Measúnaithe Riosca COVID-19 a chur faoi bhráid an SSC. Má chuireann an SSC an fostaí i gcatagóir nua, beidh air/uirthi filleadh ar an ionad oibre, ach amháin má chuirtear sa chatagóir 'Riosca An-Ard' é/í.



(d) Socruithe Oibre ó Chian

Má chuir an SSC fostaí atá ábalta don obair ó thaobh na sláinte de sa chatagóir 'Riosca An-Ard', tá sé/sí fós ar fáil le bheith ag obair ón mbaile. Sa chás go bhfuil ról reatha an fhostaí a bhfuil 'Riosca An-Ard' air/uirthi mí-oiriúnach le bheith ag obair ó chian, b'fhéidir go gcuirfear é/í ar fáil ar bhonn sealadach le seirbhísí poiblí riachtanacha eile a sholáthar.

Eiseoidh an Roinn tuilleadh cumarsáide thar thréimhse an tsamhraidh maidir le dualgais/socruithe oibre ó chian d'fhostaithe atá sa chatagóir 'Riosca An-Ard' ag an SSC le haghaidh scoilbhliain 2021/22.

Is ceart gach fiosrú a chur faoi bhráid an fhostóra ar dtús, mar go bhféadfadh sé gur mhaith leis/léi dul i gcomhairle lena (h)eagraíocht ionadaíoch.

Mark Bohan
Príomhoifigeach
Caidreamh Foirne
Seachtrach

Tom Deegan
Príomhoifigeach
Airgeadas Scoileanna

Shirley Kearney
Príomhoifigeach
Iompar Scoileanna